



An Bhruiséil, 10 Márta 2022
(OR. en)

7030/22
ADD 1

EF 74
ECOFIN 208
SUSTDEV 54
FSC 5
ENV 203
CLIMA 97
TRANS 134
ENER 84
ATO 14
AGRI 82
AGRIFIN 23
AGRIORG 24
DRS 13
CCG 14
DELECT 40

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	10 Márta 2022
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh

Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2022) 631 final - IARSCRÍBHINN 1
Ábhar:	IARSCRÍBHINN 1 a ghabhann le RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha in earnálacha fuinnimh áirithe agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 a mhéid a bhaineann le nochtadh poiblí maidir leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 631 final - IARSCRÍBHINN 1.

Faoi iamh: C(2022) 631 final - IARSCRÍBHINN 1



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.3.2022
C(2022) 631 final

ANNEX 1

IARSCRÍBHINN

a ghabhann le

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha in earnálacha fuinnimh áirithe agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 a mhéid a bhaineann le nochtadh poiblí maidir leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin

IARSCRÍBHINN I

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139, cuirtear na Ranna 4.26, 4.27, 4.28, 4.29 4.30 agus 4.31 seo a leanas isteach:

‘4.26. CÉIMEANNA RÉAMHTHRÁCHTÁLA ARDTEICNEOLAÍOCHTAÍ CHUN FUINNEAMH A THÁIRGEADH Ó PHRÓISIS NÚICLÉACHA LE DRAMHAÍL ÍOSTA ÓN TIMTHRIALL BREOSLA

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Taighde, forbairt, taisealbhadh agus úsáid saoráidí ginte leictreachais nuálacha, arna gceadúnú ag údaráis inniúla na mBallstát i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, a tháirgeann fuinneamh ó phróisis núicléacha le dramhaíl íosta ón timthriall breosla.

Aicmítear an ghníomhaíocht faoi chód NACE M72 agus M72.1 i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha arna mbunú le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Is gníomhaíocht dá dtagraítear in Airteagal 10(2) de Rialachán (AE) 2020/852 í gníomhaíocht eacnamaíoch sa chatagóir seo i gcás ina gcomhlíonann sí na critéir scagtha theicniúla go léir a leagtar amach sa Roinn seo.

Critéir scagtha theicniúla

Critéir ghinearálta a bhaineann le rannchuidiú substaintiúil le maolú an athraithe aeráide agus Gan dochar suntasach a dhéanamh (‘DNSH’)

1. Tá an tionscadal a bhaineann leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch (‘an tionscadal’) lonnaithe i mBallstát a chomhlíonann gach ceann de na nithe seo a leanas:
 - (a) rinne an Ballstát Treoir 2009/71/Euratom ón gComhairle*¹ agus Treoir 2011/70/Euratom ón gComhairle*² a thrasú go hiomlán;
 - (b) comhlíonann an Ballstát an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (‘Conradh Euratom’) agus an reachtaíocht arna glacadh ar a bhonn, go háirithe Treoir 2009/71/Euratom, Treoir 2011/70 Euratom agus Treoir 2013/59/Euratom ón gComhairle*³, chomh maith le dlí comhshaoil an Aontais mar is infheidhme arna ghlacadh faoi Airteagal 192 CFAE, go háirithe Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*⁴ agus Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*⁵;
 - (c) Ó dháta formheasta an tionscadail amach, tá ciste um bainistiú dramhaíola núicléiche agus ciste um dhíchoimisiúnú núicléach i bhfeidhm ag an mBallstát, cistí is féidir a chomhcheangal;
 - (d) tá léirithe ag an mBallstát go mbeidh na hacmhainní ar fáil dó faoi dheireadh shaolré úsáide measta an ghléasra cumhachta núicléiche a comhfhreagraíonn do chostas measta bainistíochta dramhaíola radaighníomhaí agus díchoimisiúnaithe i gcomhréir le Moladh 2006/851/Euratom ón gCoimisiún*⁶;
 - (e) tá saoráidí diúscartha deiridh oibríochtúla ag an mBallstát maidir leis an dramhaíl radaighníomhach atá ar leibhéal an-íseal, íseal agus idirmheánach, a bhfuil fógra tugtha don Choimisiún ina leith faoi Airteagal 41 de Chonradh Euratom nó Airteagal 1(4) de Rialachán 2587/1999 ón gComhairle, agus a áirítear sa chlár náisiúnta arna nuashonrú faoi Threoir 2011/70/Euratom;

- (f) tá plean cláraithe ag an mBallstát ina leagtar amach céimeanna mionsonraithe chun go mbeidh, faoi 2050, saoráid diúscartha á hoibriú aige maidir le dramhaíl radaighníomhach ardleibhéil lena ndéantar cur síos ar gach ceann de na nithe seo a leanas:
- (i) coincheapa nó pleananna agus réitigh theicniúla le haghaidh bainistiú breosla spionta agus dramhaíola radaighníomhaí ó ghiniúint go diúscairt;
 - (ii) coincheapa nó pleananna do thréimhse iardhúnta shaolré saoráide diúscartha, lena n-áirítear an tréimhse ina gcoinnítear na rialuithe iomchuí agus na modhanna atá le húsáid chun eolas faoin tsaoráid sin a chaomhnú san fhadtéarma;
 - (iii) na freagrachtaí maidir le cur chun feidhme an phlean agus na heochairtháscairí feidhmíochta chun faireachán a dhéanamh ar a dhul chun cinn;
 - (iv) measúnuithe costais agus scéimeanna maoiniúcháin.

Chun críocha phointe (f), féadfaidh na Ballstáit pleananna arna dtarraingt suas mar chuid den chlár náisiúnta a iarrtar le hAirteagail 11 agus 12 de Threoir 2011/70/Euratom a úsáid.

2. Tá an tionscadal ina chuid de chlár taighde arna mhaoiniú ag an Aontas nó tugadh fógra don Choimisiún maidir leis an tionscadal i gcomhréir le hAirteagal 41 de Chonradh Euratom nó Airteagal 1(4) de Rialachán 2587/1999 ón gComhairle, i gcás ina mbeidh ceachtar de na forálacha sin infheidhme, gur thug an Coimisiún a thuairim ina leith i gcomhréir le hAirteagal 43 de Chonradh Euratom, agus gur tugadh aghaidh go sásúil ar gach saincheist a ardaíodh sa tuairim, le hábharthacht maidir le cur chun feidhme Airteagal 10(2) agus Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus na critéir scagtha theicniúla a leagtar síos sa Roinn seo.
3. Thug an Ballstát lena mbaineann gealltanas chun tuairisc a thabhairt don Choimisiún gach 5 bliana i leith gach tionscadail maidir le gach ceann de na nithe seo a leanas:
- (a) leordhóthanacht na n-acmhainní carntha dá dtagraítear i bpointe 1(c);
 - (b) dul chun cinn iarbhír maidir le cur chun feidhme an phlean dá dtagraítear i bpointe 1(f).

Ar bhonn na dtuarascálacha, athbhreithneoidh an Coimisiún leordhóthanacht acmhainní carntha an chiste um bainistiú dramhaíola radaighníomhaí agus an chiste um dhíchoimisiúnú núicléach dá dtagraítear i bpointe 1(c) agus an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an phlean chláraithe dá dtagraítear i bpointe 1(f) agus féadfaidh sé aghaidh a thabhairt ar thuairim an Bhallstáit lena mbaineann.

4. Comhlíonann an ghníomhaíocht reachtaíocht náisiúnta lena dtrasuitear an reachtaíocht dá dtagraítear i bpointe 1(a) agus (b), lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le meastóireacht, go háirithe trí thástálacha struis, ar athléimneacht na ngléasraí cumhachta núicléiche suite i gcrích an Aontais i gcoinne guaiseacha nádúrtha ainscianta, lena n-áirítear creathanna talún. Dá réir sin, déantar an ghníomhaíocht i gcrích Ballstáit i gcás ina ndéanann oibreoir gléasra núicléach an méid a leanas:
- (a) taispeántas maidir le sábháilteacht núicléach a chur isteach, a bhfuil raon feidhme agus leibhéal sonraí ann de réir thromchúis agus nádúr féideartha na

guaise ábhartha maidir leis an ngléasra núicléach agus a shuíomh (Airteagal 6, pointe (b), de Threoir 2009/71/Euratom);

- (b) go bhfuil bearta domhainchosanta déanta aige chun a áirithiú, *inter alia*, go bhfuil tionchar guaiseacha ainscianta seachtracha nádúrtha agus de dhéanamh an duine íoslaghdaithe (Airteagal 8b(1), pointe (a) de Threoir 2009/71/Euratom);
 - (c) go ndearna sé measúnú iomchuí atá suíomh-shonrach agus gléasra-shonrach nuair a dhéanann an t-oibreoir lena mbaineann iarratas ar cheadúnas chun gléasra cumhachta núicléiche a thógáil agus a oibriú (Airteagal 8c(a) de Threoir 2009/71/Euratom).
5. Comhlíonann an ghníomhaíocht ceanglais Threoir 2009/71/Euratom, arna dtacú ag an gcomhairle idirnáisiúnta is déanaí ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach ('IAEA') agus an Comhlachas Eorpach Rialaitheoirí um Shábháilteacht Núicléach ('WENRA'), lena rannchuidítear le hathléimneacht acmhainneacht gléasraí cumhachta núicléiche nua agus gléasraí cumhachta núicléiche atá ann faoi láthair a mhéadú chun dul i ngleic le guaiseacha nádúrtha ainscianta, lena n-áirítear tuilte agus coinníollacha aimsire ainscianta.
6. Go ndéantar dramhaíl radaighníomhach, dá dtagraítear i bpointe 1(e) agus (f), a dhiúscairt sa Bhallstát inar gineadh é, mura bhfuil comhaontú idir an Ballstát lena mbaineann agus an Ballstát cinn scríbe, mar a bhunaítear i dTreoir 2011/70/Euratom. Sa chás sin, tá cláir um bainistiú dramhaíola radaighníomhaí agus diúscairt agus saoráid diúscairt oiriúnach á n-oibriú ag an mBallstát cinn scríbe i gcomhréir le ceanglais Threoir 2011/70/Euratom.

Critéir bhreise a bhaineann le rannchuidiú substaintiúil le maolú an athraithe aeráide

Is é is aidhm don ghníomhaíocht leictreachas a ghineadh trí fhuinneamh núicléach a úsáid. Tá astaíochtaí saolré gás ceaptha teasa (GCT) ó leictreachas a tháirgeadh as fuinneamh núicléach níos ísle ná an tairseach arb é atá ann 100 g CO₂e/kWh.

Déantar astaíochtaí saolré GCT a ríomh ach Moladh 2013/179/AE ón gCoimisiún a úsáid nó, ina áit sin, ISO 14067:2018 nó ISO 14064-1:2018.

Triú páirtí neamhspleách a dhéanann an laghdú ar astaíochtaí saolré GCT cainníochtaithe a fhíorú.

Critéir bhreise a bhaineann le Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

<p>(2) Oiriúnú don athrú aeráide</p>	<p>Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.</p> <p>Comhlíonann an ghníomhaíocht na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 6(b), 8b(1), pointe (a) agus Airteagal 8c(a) de Threoir 2009/71/Euratom.</p> <p>Comhlíonann an ghníomhaíocht ceanglais Threoir 2009/71/Euratom arna gcur chun feidhme i gcomhréir le comhairle idirnáisiúnta IAEA agus WENRA a bhaineann le guaiseacha nádúrtha ainscianta, lena n-áirítear tuilte agus coinníollacha aimsire ainscianta.</p>
<p>(3) Úsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint</p>	<p>Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín B a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.</p> <p>Sainaithnítear rioscaí díghrádaithe comhshaoil a bhaineann le cáilíocht an uisce a chosaint agus strus uisce a sheachaint agus tugtar aghaidh ar na rioscaí sin, i gcomhréir le plan bainistíochta úsáide agus cosanta uisce, a fhorbraítear i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara lena mbaineann.</p> <p>Chun aimhrialtachtaí teirmeacha a bhaineann le sceitheadh teas dramhaíola a theorannú, oibreoirí gléasraí cumhachta núicléiche intíre ag úsáid fuaraithe fhliuch aonuaire trí uisce a ghlacadh ó abhainn nó rialú locha:</p> <ul style="list-style-type: none"> (a) teocht uasta an dobharlaigh glactha fionnuisce tar éis an mheasctha, agus (b) an difríocht teochta uasta idir an t-uisce fuarúcháin sceite agus an dobharlach glactha fionnuisce. <p>Déantar an rialú teochta a chur chun feidhme i gcomhréir leis na coinníollacha ceadúnais aonair maidir leis na hoibríochtaí sonracha, i gcás inarb infheidhme, nó luachanna tairsí i gcomhréir le dlí an Aontais.</p> <p>Comhlíonann an ghníomhaíocht caighdeáin Aicmí na Fondúireachta Tionscail (IFC).</p> <p>Déantar gníomhaíochtaí núicléacha a fheidhmiú i gcomhréir leis na ceanglais maidir le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine de chuid Threoir 2000/60/CE agus Treoir 2013/51/Euratom lena leagtar síos ceanglais i leith sláinte an phobail i gcoitinne a chosaint maidir le substaintí radaighníomhacha in uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine.</p>

(4) Aistriú chuig geilleagar ciorclach	<p>Tá plean maidir le bainistiú dramhaíola neamh-radaighníomhaí agus dramhaíola radaighníomhaí i bhfeidhm agus áirithíonn sé athúsáid nó athchúrsáil uasta na dramhaíola sin ag deireadh na saolré i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola, lena n-áirítear trí chomhaontuithe conarthacha le comhpháirtithe bainistíochta dramhaíola, an léiriú i réamh-mheastacháin airgeadais nó doiciméadacht tionscadail oifigiúil.</p> <p>Le linn oibríthe agus díchoimisiúnaithe, íoslaghdaítear méid na dramhaíola radaighníomhaí agus uasmhéadaítear méid na n-ábhar saorscaoilte i gcomhréir le Treoir 2011/70/Euratom, agus i gcomhréir leis na ceanglais maidir le cosaint ar radaíocht a leagtar síos i dTreoir 2013/59/Euratom.</p> <p>Tá scéim maoiniúcháin i bhfeidhm chun cistiú leordhóthanach a áirithiú maidir le gach gníomhaíocht díchoimisiúnaithe agus maidir le breosla spionta agus dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú, i gcomhréir le Treoir 2011/70/Euratom agus Moladh 2006/851/Euratom.</p> <p>Comhlánaítear Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol roimh fhoirgníú an ghléasra cumhachta núicléiche, i gcomhréir le Treoir 2011/92/AE. Déantar na bearta maolaithe agus cúiteacha atá riachtanach a chur i bhfeidhm.</p> <p>Déantar na gnéithe ábhartha sa Roinn seo a chumhdach le tuarascálacha na mBallstát leis an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Threoir 2011/70/Euratom.</p>
(5) Cosc agus rialú ar thruailliú	<p>Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín C a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.</p> <p>Tá astaíochtaí neamh-radaighníomhacha laistigh de nó níos ísle ná na leibhéil astaíochta bainteach leis na raonta maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AEL) a leagtar amach sna conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh mórghléasraí dócháin. Ní tharlaíonn aon éifeacht trasmheáin shuntasach.</p> <p>Maidir le gléasraí cumhachta núicléiche níos mó ná ionchur teirmeach 1 MW ach atá níos ísle ná na tairseacha do chonclúidí BAT nach mór do ghléasraí dócháin móra a chomhlíonadh, tá astaíochtaí níos lú ná luachanna na dteorainneacha astaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn II, cuid 2, a ghabhann le Treoir (AE) 2015/2193.</p> <p>Na sceite radaighníomhacha isteach san aer, sna dobharlaigh agus sa talamh (ithir), comhlíonann siad na coinníollacha ceadúnais aonair maidir leis na hoibríochtaí sonracha, i gcás inarb infheidhme, nó luachanna tairsí náisiúnta i gcomhréir le Treoir 2013/51/Euratom^{*7} agus Treoir 2013/59/Euratom.</p> <p>Déantar breosla spionta agus dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú go freagrach i gcomhréir le Treoir 2011/70/Euratom agus Treoir 2013/59/Euratom.</p> <p>Tá acmhainneacht leordhóthanach de stóráil eatramhach ar fáil don tionscadal, agus tá pleananna diúscair náisiúnta i bhfeidhm chun fad</p>

	<p>tréimhse na stórála eatramhaí a íoslaghdú, i gcomhréir le foráil Threoir 2011/70/Euratom lena ndéantar stóráil dramhaíola radaighníomhaí a bhreithniú, lena n-áirítear stóráil fhadtéarmach, mar réiteach eatramhach, ach nach mbreithnítear é mar rogha mhalartach thar an diúscairt.</p>
<p>(6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú</p>	<p>Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín D a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.</p> <p>Comhlánaítear Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol roimh thógáil an ghléasra cumhachta núicléiche, i gcomhréir le Treoir 2011/92/AE. Déantar na bearta maolaithe agus cúiteacha atá riachtanach a chur i bhfeidhm.</p> <p>Maidir le suíomhanna/oibríochtaí atá lonnaithe i limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de ar dócha go mbeadh tionchar mór acu ar limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de nó suíomhanna/oibríochtaí atá gar dóibh (lena n-áirítear líonra limistéir faoi chosaint Natura 2000, láithreáin Oidhreachta Domhanda UNESCO agus Príomhlimistéir Bithéagsúlachta, chomh maith le limistéir eile faoi chosaint), rinneadh measúnú iomchuí, i gcás inarb infheidhme, agus bunaithe ar a chonclúidí cuirtear na bearta maolaithe riachtanacha i bhfeidhm.</p> <p>Ní dhéanfaidh na suíomhanna/oibríochtaí díobháil do stádas caomhantais aon cheann de na gnáthóga nó na speicis atá sna limistéir faoi chosaint.</p>

4.27. FOIRGNIÚ AGUS OIBRIÚ SÁBHÁILTE GLÉASRAÍ CUMHACHTA NÚICLÉICHE NUA, LE HAGHAIDH LEICTREACHAS NÓ TEAS A THÁIRGEADH, LENA N-ÁIRÍTEAR MAIDIR LE TÁIRGEADH HIDRIGINE, TRÍ NA TEICNEOLAÍOCHTAÍ IS FEARR ATÁ AR FÁIL A ÚSÁID

Chun críocha na Roinne seo, ciallaíonn na teicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil teicneolaíochtaí lena gcomhlíontar ceanglais Threoir 2009/71/Euratom go hiomlán agus lena n-urramófar go hiomlán na paraiméadair theicniúla is déanaí de chuid chaighdeáin IAEA agus cuspóirí Sábháilteachta WENRA agus Leibhéal Tagartha.

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Foirgníú agus oibriú sábháilte gléasraí núicléacha nua a n-eiseoidh údaráis inniúla na mBallstát ceadúnas foirgníochta lena n-aghaidh faoi 2045, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, chun leictreachas a tháirgeadh nó teas a phróiseáil, lena n-áirítear chun críoch téamh ceantair nó próisis thionsclaíocha amhail táirgeadh hidrigin (gléasraí núicléacha nua nó NNInna), chomh maith lena n-uasghráduithe sábháilteachta.

Aicmítear an ghníomhaíocht faoi chóid NACE D35.11 agus F42.22 i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíoch a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Is gníomhaíocht dá dtagraítear in Airteagal 10(2) DE Rialachán (AE) 2020/852 í gníomhaíocht eacnamaíoch sa chatagóir seo i gcás ina gcomhlíonann sí na critéir scagtha theicniúla go léir a leagtar amach sa Roinn seo.

Critéir scagtha theicniúla

Critéir ghinearálta a bhaineann le rannchuidiú substaintiúil le maolú an athraithe aeráide agus Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

1. Tá an tionscadal a bhaineann leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch ('an tionscadal') lonnaithe i mBallstát a chomhlíonann gach ceann de na nithe seo a leanas:
 - (a) rinne an Ballstát Treoir 2009/71/Euratom ón gComhairle agus Treoir 2011/70/Euratom ón gComhairle a thrasú go hiomlán;
 - (b) comhlíonann an Ballstát Conradh Euratom agus reachtaíocht arna glacadh ar a bonn, go háirithe, Treoir 2009/71/Euratom, Treoir 2011/70/Euratom agus Treoir 2013/59/Euratom, chomh maith le dlí comhshaoil an Aontais is infheidhme arna ghlacadh faoi Airteagal 192 CFAE, go háirithe Treoir 2011/92/AE agus Treoir 2000/60/CE;
 - (c) Ó dháta formheasta an tionscadail amach, tá ciste um bainistiú dramhaíola núicléiche agus ciste um dhíchoimisiúnú núicléach i bhfeidhm ag an mBallstát, cistí is féidir a chomhcheangal;
 - (d) tá sé léirithe ag an mBallstát go mbeidh na hacmhainní ar fáil dó faoi dheireadh shaolré úsáide measta an ghléasra cumhachta núicléiche a chomhfhreagraíonn do chostas measta bainistíochta dramhaíola radaighníomhaí agus díchoimisiúnaithe i gcomhréir le Moladh 2006/851/Euratom;
 - (e) tá saoráidí diúscartha deiridh oibríochtúla ag an mBallstát maidir leis an dramhaíl radaighníomhach atá ar leibhéal an-íseal, íseal agus idirmheánach, a bhfuil fógra tugtha don Choimisiún ina leith faoi Airteagal 41 de Chonradh Euratom nó faoi Airteagal 1(4) de Rialachán 2587/1999 ón gComhairle, agus a áirítear sa chlár náisiúnta arna nuashonrú faoi Threoir 2011/70/Euratom ón gComhairle;
 - (f) tá plean cláraithe ag an mBallstát ina leagtar amach céimeanna mionsonraithe chun go mbeidh, faoi 2050, saoráid diúscartha á hoibriú aige maidir le dramhaíl radaighníomhach ardleibhéil lena ndéantar cur síos ar gach ceann de na nithe seo a leanas:
 - (i) coincheapa nó pleananna agus réitigh theicniúla le haghaidh bainistiú breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí ó ghiniúint go diúscairt;
 - (ii) coincheapa nó pleananna do thréimhse iardhúnta shaolré saoráide diúscartha, lena n-áirítear an tréimhse ina gcoinnítear na rialuithe iomchuí agus na modhanna atá le húsáid chun eolas faoin tsaoráid sin a chaomhnú san fhadtéarma;
 - (iii) na freagrachtaí maidir le cur chun feidhme an phlean agus na heochairtháscairí feidhmíochta chun faireachán a dhéanamh ar a dhul chun cinn;
 - (iv) measúnuithe costais agus scéimeanna maoiniúcháin.

Chun críocha phointe (f), féadfaidh na Ballstáit na pleananna arna dtarraingt suas mar chuid den chlár náisiúnta a iarrtar le hAirteagail 11 agus 12 de Threoir 2011/70/Euratom a úsáid.

2. Déanann an tionscadal an teicneolaíocht is fearr atá ar fáil a chur chun feidhme go hiomlán chomh maith le breosla tionóisc-fulangach faoi 2025. Déantar an teicneolaíocht a dheimhniú agus a fhorfhéas ag an rialtóir sábháilteachta náisiúnta.
3. Tugadh fógra don Choimisiún maidir leis an tionscadal i gcomhréir le hAirteagal 41 de Chonradh Euratom nó Airteagal 1(4) de Rialachán 2587/1999 ón gComhairle, i gcás ina mbeidh ceachtar de na forálacha sin infheidhme, gur thug an Coimisiún a bharúil ina leith i gcomhréir le hAirteagal 43 de Chonradh Euratom, agus gur tugadh aghaidh go sásúil ar gach saincheist a ardaíodh sa bharúil, le hábharthacht maidir le cur chun feidhme Airteagal 10(2) agus Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus na critéir scagtha theicniúla a leagtar síos sa Roinn seo.
4. Thug an Ballstát lena mbaineann gealltanas chun tuairisc a thabhairt don Choimisiún gach 5 bliana i leith gach tionscadail maidir le gach ceann de na nithe seo a leanas:
 - (a) leordhóthanacht na n-acmhainní carntha dá dtagraítear i bpointe 1(c);
 - (b) dul chun cinn iarbhír maidir le cur chun feidhme an phlean dá dtagraítear i bpointe 1(f).

Ar bhonn na dtuarascálacha, athbhreithneoidh an Coimisiún leordhóthanacht acmhainní carntha an chiste um bainistiú dramhaíola radaighníomhaí agus an chiste um dhíchoimisiúnú núicléach dá dtagraítear i bpointe 1(c) agus an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an phlean chláráithe dá dtagraítear i bpointe 1(f) agus féadfaidh sé aghaidh a thabhairt ar thuairim an Bhallstáit lena mbaineann.

5. Athbhreithneoidh an Coimisiún, faoi 2025, agus gach 10 mbliana ar a laghad, na paraiméadair theicniúla a chomhfhreagraíonn don teicneolaíocht is fearr atá ar fáil bunaithe ar mheasúnú an Ghrúpa Eorpach Rialaitheoirí um Shábháilteacht Núicléach ('ENSREG').
6. Comhlíonann an ghníomhaíocht reachtaíocht náisiúnta lena dtrasuitear an reachtaíocht dá dtagraítear i bpointe 1(a) agus (b), lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le meastóireacht, go háirithe trí thástálacha struis, ar athléimneacht na ngléasraí cumhachta núicléiche suite i gcrích an Aontais i gcoinne guaiseacha nádúrtha ainscianta, lena n-áirítear creathanna talún. Dá réir sin, déantar an ghníomhaíocht i gcrích Ballstáit i gcás ina ndéanann oibreoir gléasra núicléach:
 - (a) taispeántas maidir le sábháilteacht núicléach a chur isteach, a bhfuil raon feidhme agus leibhéal sonraí ann de réir thromchúis agus nádúr féideartha na guaise ábhartha maidir leis an ngléasra núicléach agus a shuíomh (Airteagal 6, pointe (b), de Threoir 2009/71/Euratom);
 - (b) go bhfuil bearta domhainchosanta déanta aige chun a áirithiú *inter alia*, go bhfuil tionchar guaiseacha ainscianta seachtracha nádúrtha agus de dhéanamh an duine íoslaghdaithe (Airteagal 8b(1), pointe (a) de Threoir 2009/71/Euratom);
 - (c) go ndearna sé measúnú iomchuí atá suíomh-shonrach agus gléasra-shonrach nuair a dhéanann an t-oibreoir lena mbaineann iarratas ar cheadúnas chun gléasra cumhachta núicléiche a thógáil agus a oibriú (Airteagal 8c(a) de Threoir 2009/71/Euratom).
7. Comhlíonann an ghníomhaíocht ceanglais Threoir 2009/71/Euratom, arna dtacú ag an gcomhairle idirnáisiúnta is déanaí ó IAEA agus WENRA, lena rannchuidítear le hathléimneacht acmhainneacht gléasraí cumhachta núicléiche nua agus gléasraí

cumhachta núicléiche atá ann faoi láthair a mhéadú chun dul i ngleic le guaiseacha nádúrtha ainscianta, lena n-áirítear tuilte agus coinníollacha aimsire ainscianta.

8. Go ndéantar dramaíola radaighníomhach, dá dtagraítear i bpointe 1(e) agus (f), a dhiúscairt sa Bhallstát inar táirgeadh é, mura bhfuil comhaontú idir an Ballstát lena mbaineann agus an Ballstát cinn scríbe, mar a bhunaítear i dTreoir 2011/70/Euratom. Sa chás sin, tá cláir um bainistiú dramaíola radaighníomhaí agus diúscairt agus saoráid diúscairt oiriúnach á n-oibriú ag an mBallstát cinn scríbe i gcomhréir le ceanglais Threoir 2011/70/Euratom.

Critéir bhreise a bhaineann le rannchuidiú substaintiúil le maolú an athraithe aeráide

Gineann an ghníomhaíocht leictreachas trí fhuinneamh núicléach a úsáid. Tá astaíochtaí saolré gás ceaptha teasa (GCT) ó leictreachas a ghiniúint as fuinneamh núicléach níos ísle ná an tairseach arb é atá ann 100 g CO₂e/kWh.

Déantar astaíochtaí saolré GCT a ríomh ach Moladh 2013/179/AE ón gCoimisiún a úsáid nó, ina áit sin, ISO 14067:2018 nó ISO 14064-1:2018.

Tríú páirtí neamhspleách a dhéanann an laghdú ar astaíochtaí saolré GCT cainníochtaithe a fhíorú.

Critéir bhreise a bhaineann le Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

<p>(2) Oiriúnú don athrú aeráide</p>	<p>Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.</p> <p>Comhlíonann an ghníomhaíocht na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 6(b), Airteagal 8b(1), pointe (a) agus Airteagal 8c(a) de Threoir 2009/71/Euratom.</p> <p>Comhlíonann an ghníomhaíocht ceanglais Threoir 2009/71/Euratom arna gcur chun feidhme i gcomhréir le comhairle idirnáisiúnta IAEA agus WENRA maidir le guaiseacha nádúrtha ainscianta, lena n-áirítear tuilte agus coinníollacha aimsire ainscianta.</p>
<p>(3) Úsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint</p>	<p>Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín B a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.</p> <p>Sainaithnítear rioscaí díghrádaithe comhshaoil a bhaineann le cáilíocht an uisce a chosaint agus strus uisce a sheachaint agus tugtar aghaidh ar na rioscaí sin, i gcomhréir le plean bainistíochta úsáide agus cosanta uisce, a fhorbraítear i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara lena mbaineann.</p> <p>Chun aimhrialtachtaí teirmeacha a bhaineann le sceitheadh teas dramaíola a theorannú, oibreoirí gléasraí cumhachta núicléiche intíre ag úsáid fuaraithe fhliuch aonuaire trí uisce a ghlacadh ó abhainn nó</p>

	<p>rialú locha:</p> <p>(a) teocht uasta an do Bharlaigh glactha fionnuisce tar éis an mheasctha, agus</p> <p>(b) an difríocht teochta uasta idir an t-uisce fuarúcháin sceite agus an do Bharlach glactha fionnuisce.</p> <p>Déantar an rialú teochta a chur chun feidhme i gcomhréir leis na coinníollacha ceadúnaithe aonair maidir leis na hoibríochtaí sonracha, i gcás inarb infheidhme, nó luachanna tairsí i gcomhréir le dlí an Aontais.</p> <p>Comhlíonann an ghníomhaíocht le caighdeáin Aicmí na Fondúireachta Tionscail (IFC).</p> <p>Déantar gníomhaíochtaí núicléacha a fheidhmiú i gcomhréir leis na ceanglais maidir le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine de chuid Threoir 2000/60/CE agus Treoir 2013/51/Euratom lena leagtar síos ceanglais i leith sláinte an phobail i gcoitinne a chosaint maidir le substaintí radaighníomhacha in uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine.</p>
(4) Aistriú chuig geilleagar ciorclach	<p>Tá plan maidir le bainistiú dramhaíola neamh-radaighníomhaí agus dramhaíola radaighníomhaí i bhfeidhm agus áiríthíonn sé athúsáid nó athchúrsáil uasta na dramhaíola sin ag deireadh na saolré i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola, lena n-áirítear trí chomhaontuithe conarthacha le comhpháirtithe bainistíochta dramhaíola, an léiriú i réamh-mheastacháin airgeadais nó doiciméadacht tionscadail oifigiúil.</p> <p>Le linn oibríthe agus díchoimisiúnaithe, íoslaghdaítear méid na dramhaíola radaighníomhaí agus uasmhéadaítear méid na n-ábhar saorscaoilte i gcomhréir le Treoir 2011/70/Euratom, agus i gcomhréir leis na ceanglais maidir le cosaint ar radaíocht a leagtar síos i dTreoir 2013/59/Euratom.</p> <p>Tá scéim maoiniúcháin i bhfeidhm chun cistiú leordhóthanach a áirithiú maidir le gach gníomhaíocht díchoimisiúnaithe agus maidir le breosla spionta agus dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú, i gcomhréir le Treoir 2011/70/Euratom agus Moladh 2006/851/Euratom.</p> <p>Comhlánaítear Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol roimh thógáil an ghléasra cumhachta núicléiche, i gcomhréir le Treoir 2011/92/AE. Déantar na bearta maolaithe agus cúiteacha atá riachtanach a chur i bhfeidhm.</p> <p>Déantar na gnéithe ábhartha sa Roinn seo a chumhdach le tuarascálacha na mBallstát leis an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Threoir 2011/70/Euratom.</p>
(5) Cosc agus rialú ar thruailliú	<p>Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín C a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.</p> <p>Tá astaíochtaí neamh-radaighníomhacha laistigh de nó níos ísle ná na</p>

	<p>leibhéal astaíochta bainteach leis na raonta maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AEL) a leagtar amach sna conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh mórghléasraí dócháin. Ní tharlaíonn aon éifeacht trasnheáin shuntasach.</p> <p>Maidir le gléasraí cumhachta núicléiche níos mó ná ionchur teirmeach 1 MW ach atá níos ísle ná na tairseacha do chonclúidí BAT nach mór do ghléasraí dócháin móra a chomhlíonadh, tá astaíochtaí níos lú ná luachanna na dteorainneacha astaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn II, cuid 2, a ghabhann le Treoir (AE) 2015/2193.</p> <p>Comhlíonann sceite radaighníomhacha leis an aer, dobharlaigh agus an talamh (ithir) leis na coinníollacha ceadúnais aonair maidir leis na hoibríochtaí sonracha, i gcás inarb infheidhme, nó luachanna tairisí náisiúnta i gcomhréir le Treoir 2013/51/Euratom agus Treoir 2013/59/Euratom.</p> <p>Déantar breosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú go freagrach i gcomhréir le Treoir 2011/70/Euratom agus Treoir 2013/59/Euratom.</p> <p>Tá acmhainneacht leordhóthanach de stóráil eatramhach ar fáil don tionscadal, agus tá pleananna diúscartha náisiúnta i bhfeidhm chun fad tréimhse na stórála eatramhaí a íoslaghú, i gcomhréir le Treoir 2011/70/Euratom lena mbreithnítear ar stóráil dramhaíola radaighníomhaí, lena n-áirítear stóráil fhadtéarmach, mar réiteach eatramhach, ach nach mbreithnítear air mar rogha mhalartach thar an diúscairt.</p>
<p>(6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú</p>	<p>Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín D a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.</p> <p>Comhlánaítear Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol roimh thógáil an ghléasra cumhachta núicléiche, i gcomhréir le Treoir 2011/92/AE. Déantar na bearta maolaithe agus cúiteacha atá riachtanach a chur i bhfeidhm.</p> <p>Maidir le suíomhanna/oibríochtaí atá lonnaithe i limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de ar dócha go mbeadh tionchar mór acu ar limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de nó suíomhanna/oibríochtaí atá gar dóibh (lena n-áirítear líonra limistéir faoi chosaint Natura 2000, láithreáin Oidhreachta Domhanda UNESCO agus Príomhlimistéir Bhithéagsúlachta, chomh maith le limistéir eile faoi chosaint), rinneadh measúnú iomchuí, i gcás inarb infheidhme, agus bunaithe ar a chonclúidí cuirtear na bearta maolaithe riachtanacha i bhfeidhm.</p> <p>Ní dhéanfaidh na suíomhanna/oibríochtaí díobháil do stádas caomhantais aon cheann de na gnáthóga nó na speicis atá sna limistéir faoi chosaint.</p>

4.28. Giniúint leictreachais ó fhuinneamh núicléach i ngléasraí atá ann faoi láthair

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Modhnú gléasraí núicléacha atá ann faoi láthair, arna údarú ag údaráis inniúla na mBallstát faoi 2040 i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, chun am seirbhíse oibriú sábháilte gléasraí núicléacha lena ngintear leictreachas nó teas ó fhuinneamh núicléach a shíneadh ('gléasraí cumhachta núicléiche').

Aicmítear an ghníomhaíocht faoi chóid NACE D35.11 agus F42.22 i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Is gníomhaíocht dá dtagraítear in Airteagal 10(2) DE Rialachán (AE) 2020/852 í gníomhaíocht eacnamaíoch sa chatagóir seo i gcás ina gcomhlíonann sí na critéir scagtha theicniúla go léir a leagtar amach sa Roinn seo.

Critéir scagtha theicniúla

Critéir ghinearálta a bhaineann le rannchuidiú substaintiúil le maolú an athraithe aeráide agus Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

1. Tá an tionscadal a bhaineann leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch ('an tionscadal') lonnaithe i mBallstát a chomhlíonann gach ceann de na nithe seo a leanas:
 - (a) rinne an Ballstát Treoir 2009/71/Euratom ón gComhairle agus Treoir 2011/70/Euratom ón gComhairle a thrasú go hiomlán;
 - (b) comhlíonann an Ballstát le Conradh Euratom agus le reachtaíocht arna glacadh ar a bonn, go háirithe, Treoir 2009/71/Euratom, Treoir 2011/70/Euratom agus Treoir 2013/59/Euratom, agus le dlí comhshaoil an Aontais is infheidhme arna ghlacadh faoi Airteagal 192 CFAE, go háirithe Treoir 2011/92/AE agus Treoir 2000/60/CE;
 - (c) Ó dháta formheasta an tionscadail amach, tá ciste um bainistiú dramhaíola núicléiche agus ciste um dhíchoimisiúnú núicléach i bhfeidhm ag an mBallstát, cistí is féidir a chomhcheangal;
 - (d) tá sé léirithe ag an mBallstát go mbeidh na hacmhainní ar fáil dó faoi dheireadh shaolré úsáide measta an ghléasra cumhachta núicléiche a chomhfhreagraíonn do chostas measta bainistíochta dramhaíola radaighníomhaí agus díchoimisiúnaithe i gcomhréir le Moladh 2006/851/Euratom;
 - (e) tá saoráidí diúscartha deiridh oibríochtúla ag an mBallstát maidir leis an dramhaíl radaighníomhach atá ar leibhéal an-íseal, íseal agus idirmheánach, a bhfuil fógra tugtha don Choimisiún ina leith faoi Airteagal 41 de Chonradh Euratom nó faoi Airteagal 1(4) de Rialachán 2587/1999 ón gComhairle, agus a áirítear sa chlár náisiúnta arna nuashonrú faoi Threoir 2011/70/Euratom ón gComhairle;
 - (f) le haghaidh pleananna a údarófar i ndiaidh 2025, tá plean cláraithe ag an mBallstát ina leagtar amach céimeanna mionsonraithe chun go mbeidh, faoi 2050, saoráid diúscartha á hoibriú aige maidir le dramhaíl radaighníomhach ardleibhéil lena ndéantar cur síos ar gach ceann de na nithe seo a leanas:
 - (i) coincheapa nó pleananna agus réitigh theicniúla le haghaidh bainistiú breosla spionta agus dramhaíola radaighníomhaí ó ghiniúint go diúscairt;

- (ii) coincheapa nó pleananna do thréimhse iardhúnta shaolré saoráide diúscartha, lena n-áirítear an thréimhse ina gcoinnítear na rialuithe iomchuí agus na modhanna atá le húsáid chun eolas faoin tsaoráid sin a chaomhnú san fhadtéarma;
- (iii) na freagrachtaí maidir le cur chun feidhme an phlean agus na heochairtháscairí feidhmíochta chun faireachán a dhéanamh ar a dhul chun cinn;
- (iv) measúnuithe costais agus scéimeanna maoiniúcháin.

Chun críocha phointe (f), féadfaidh na Ballstáit na pleananna arna dtarraingt suas mar chuid den chlár náisiúnta a iarrtar le hAirteagail 11 agus 12 de Threoir 2011/70/Euratom a úsáid.

2. Leis an tionscadal uasghrádaithe cuirtear feabhsú sábháilteachta infheidhmithe ar bith chun feidhme agus ó 2025 ar aghaidh bainfidh sé leas as breosla tionóiscfulangach. Déantar an teicneolaíocht a dheimhniú agus a fhormheas ag an rialtóir sábháilteachta náisiúnta.
3. Tugadh fógra don Choimisiún maidir leis an tionscadal i gcomhréir le hAirteagal 41 de Chonradh Euratom nó Airteagal 1(4) de Rialachán 2587/1999 ón gComhairle, i gcás ina mbeidh ceachtar de na forálacha sin infheidhme, gur thug an Coimisiún a bharúil ina leith i gcomhréir le hAirteagal 43 de Chonradh Euratom, agus gur tugadh aghaidh go sásúil ar gach saincheist a ardaíodh sa bharúil, le hábharthacht maidir le cur chun feidhme Airteagal 10(2) agus Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus na critéir scagtha theicniúla a leagtar síos sa Roinn seo.
4. Thug an Ballstát lena mbaineann gealltanas chun tuairisc a thabhairt don Choimisiún gach 5 bliana i leith gach tionscadail maidir le gach ceann de na nithe seo a leanas:
 - (a) leordhóthanacht na n-acmhainní carntha dá dtagraítear i bpointe 1(c);
 - (b) dul chun cinn iarbhír maidir le cur chun feidhme an phlean dá dtagraítear i bpointe 1(f).

Ar bhonn na dtuarascálacha, athbhreithneoidh an Coimisiún leordhóthanacht acmhainní carntha an chiste um bainistiú dramhaíola radaighníomhaí agus an chiste um dhíchoimisiúnú núicléach dá dtagraítear i bpointe 1(c) agus an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an phlean chláraithe dá dtagraítear i bpointe 1(f) agus féadfaidh sé aghaidh a thabhairt ar bharúil an Bhallstáit lena mbaineann.

5. Comhlíonann an ghníomhaíocht reachtaíocht náisiúnta lena dtrasuitear an reachtaíocht dá dtagraítear i bpointe 1(a) agus (b), lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le meastóireacht, go háirithe trí thástálacha struis, ar athléimneacht na ngléasraí cumhachta núicléiche de chuid an Aontais i gcoinne guaiseacha nádúrtha ainscianta, lena n-áirítear creathanna talún. Dá réir sin, déantar an ghníomhaíocht i gcrích Ballstáit i gcás ina ndéanann oibreoir gléasra núicléach:
 - (a) taispeántas maidir le sábháilteacht núicléach a chur isteach, a bhfuil raon feidhme agus leibhéal sonraí ann de réir thromchúis agus nádúr féideartha na guaise ábhartha maidir leis an ngléasra núicléach agus a shuíomh (Airteagal 6, pointe (b), de Threoir 2009/71/Euratom);
 - (b) go bhfuil bearta domhainchosanta déanta aige chun a áirithiú *inter alia*, go bhfuil tionchar guaiseacha ainscianta seachtracha nádúrtha agus de dhéanamh

an duine íoslaghdaithe (Airteagal 8b(1), pointe (a) de Threoir 2009/71/Euratom);

(c) go ndearna sé measúnú iomchuí atá suíomh-shonrach agus gléasra-shonrach nuair a dhéanann an t-oibreoir lena mbaineann iarratas ar cheadúnas chun gléasra cumhachta núicléiche a thógáil agus a oibriú (Airteagal 8c(a) de Threoir 2009/71/Euratom).

6. Comhlíonann an ghníomhaíocht ceanglais Threoir 2009/71/Euratom, arna dtacú ag an gcomhairle idirnáisiúnta is déanaí ó IAEA agus WENRA, lena rannchuidítear le hathléimneacht acmhainneacht gléasraí cumhachta núicléiche nua agus gléasraí cumhachta núicléiche atá ann faoi láthair a mhéadú chun dul i ngleic le guaiseacha nádúrtha ainscianta, lena n-áirítear tuilte agus coinníollacha aimsire ainscianta.
7. Go ndéantar dramhaíl radaighníomhach, dá dtagraítear i bpointe 1(e) agus (f), a dhiúscairt sa Bhallstát inar táirgeadh é, mura bhfuil comhaontú idir an Ballstát lena mbaineann agus an Ballstát cinn scríbe, mar a bhunaítear i dThreoir 2011/70/Euratom. Sa chás sin, tá clár um bainistiú dramhaíola radaighníomhaí agus diúscartha agus saoráid diúscartha oiriúnach á n-oibriú ag an mBallstát cinn scríbe i gcomhréir le ceanglais Threoir 2011/70/Euratom.

Critéir bhreise a bhaineann le rannchuidiú substaintiúil le maolú an athraithe aeráide

Gineann an ghníomhaíocht leictreachas trí fhuinneamh núicléach a úsáid. Tá astaíochtaí saolré gás ceaptha teasa (GCT) ó leictreachas a ghintear as fuinneamh núicléach níos ísle ná an tairseach arb é atá ann 100 g CO₂e/kWh.

Déantar astaíochtaí saolré GCT a ríomh ach Moladh 2013/179/AE ón gCoimisiún a úsáid nó, ina áit sin, ISO 14067:2018 nó ISO 14064-1:2018.

Trí páirtí neamhspleách a dhéanann an laghdú ar astaíochtaí saolré GCT cainníochtaithe a fhíorú.

Critéir bhreise a bhaineann le Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo. Comhlíonann an ghníomhaíocht na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 6(b), Airteagal 8b(1), pointe (a) agus Airteagal 8c(a) de Threoir 2009/71/Euratom. Comhlíonann an ghníomhaíocht ceanglais Threoir 2009/71/Euratom arna gcur chun feidhme i gcomhréir le comhairle idirnáisiúnta IAEA agus WENRA a bhaineann le guaiseacha nádúrtha ainscianta, lena n-áirítear tuilte agus coinníollacha aimsire ainscianta.
-------------------------------	--

<p>(3) Úsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint</p>	<p>Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín B a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.</p> <p>Sainaitnítear rioscaí díghrádaithe comhshaoil a bhaineann le cáilíocht an uisce a chosaint agus strus uisce a sheachaint agus tugtar aghaidh ar na rioscaí sin, i gcomhréir le plan bainistíochta úsáide agus cosanta uisce, a fhorbraítear i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara lena mbaineann.</p> <p>Chun aimhrialtachtaí teirmeacha a bhaineann le sceitheadh teas dramhaíola a theorannú, oibreoirí gléasraí cumhachta núicléiche intíre ag úsáid fuaraithe fhliuch aonuaire trí uisce a ghlacadh ó abhainn nó rialú locha:</p> <ul style="list-style-type: none"> (a) teocht uasta an dobharlaigh glactha fionnuisce tar éis an mheasctha, agus (b) an difríocht teochta uasta idir an t-uisce fuarúcháin sceite agus an dobharlach glactha fionnuisce. <p>Déantar an rialú teochta a chur chun feidhme i gcomhréir leis na coinníollacha ceadúnais aonair maidir leis na hoibríochtaí sonracha, i gcás inarb infheidhme, nó luachanna tairsí i gcomhréir le dlí an Aontais.</p> <p>Comhlíonann an ghníomhaíocht caighdeáin Aicmí na Fondúireachta Tionscail (IFC).</p> <p>Déantar gníomhaíochtaí núicléacha a fheidhmiú i gcomhréir leis na ceanglais maidir le huisce atá ceaptha do thomhaltas an duine de chuid Threoir 2000/60/CE agus Treoir 2013/51/Euratom lena leagtar síos ceanglais i leith sláinte an phobail i gcoitinne a chosaint maidir le substaintí radaighníomhacha in uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine.</p>
<p>(4) Aistriú chuig geilleagar ciorclach</p>	<p>Tá plan maidir le bainistiú dramhaíola neamh-radaighníomhaí agus dramhaíola radaighníomhaí i bhfeidhm agus áiríthíonn sé athúsáid nó athchúrsáil uasta na dramhaíola sin ag deireadh na saolré i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola, lena n-áirítear trí chomhaontuithe conarthacha le comhpháirtithe bainistíochta dramhaíola, an léiriú i réamh-mheastacháin airgeadais nó doiciméadacht tionscadail oifigiúil.</p> <p>Le linn oibríthe agus díchoimisiúnaithe, íoslaghdaítear méid na dramhaíola radaighníomhaí agus uasmhéadaítear méid na n-ábhar saorscaoilte i gcomhréir le Treoir 2011/70/Euratom, agus i gcomhréir leis na ceanglais maidir le cosaint ar radaíocht a leagtar síos i dTreoir 2013/59/Euratom.</p> <p>Tá scéim maoiniúcháin i bhfeidhm chun cistiú leordhóthanach a áirithiú maidir le gach gníomhaíocht díchoimisiúnaithe agus maidir le breosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú, i gcomhréir le Treoir 2011/70/Euratom agus Moladh 2006/851/Euratom.</p> <p>Comhlánaítear Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaoil roimh</p>

	<p>thógáil an ghléasra cumhachta núicléiche, i gcomhréir le Treoir 2011/92/AE. Déantar na bearta maolaithe agus cúiteacha atá riachtanach a chur i bhfeidhm.</p> <p>Déantar na gnéithe ábhartha sa Roinn seo a chumhdach le tuarascálacha na mBallstát leis an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Threoir 2011/70/Euratom.</p>
<p>(5) Cosc agus rialú ar thruailliú</p>	<p>Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín C a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.</p> <p>Tá astaíochtaí neamh-radaighníomhacha laistigh de nó níos ísle ná na leibhéil astaíochta bainteach leis na raonta maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AEL) a leagtar amach sna conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh mórghléasraí dócháin. Ní tharlaíonn aon éifeacht tras-mheáin shuntasach.</p> <p>Maidir le gléasraí dócháin níos mó ná ionchur teirmeach 1 MW ach atá níos ísle ná na tairseacha do chonclúidí BAT nach mór do ghléasraí dócháin móra a chomhlíonadh, tá astaíochtaí níos lú ná na teorainneacha astaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn II, cuid 2, a ghabhann le Treoir (AE) 2015/2193.</p> <p>Comhlíonann sceite radaighníomhacha leis an aer, dobharlaigh agus an talamh (ithir) leis na coinníollacha ceadúnais aonair maidir leis na hoibríochtaí sonracha, i gcás inarb infheidhme, nó luachanna tairisí náisiúnta i gcomhréir le Treoir 2013/51/Euratom agus Treoir 2013/59/Euratom.</p> <p>Déantar breosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú go freagrach i gcomhréir le Treoir 2011/70/Euratom agus Treoir 2013/59/Euratom.</p> <p>Tá acmhainneacht leordhóthanach de stóráil eatramhach ar fáil don tionscadal, agus tá pleananna diúscartha náisiúnta i bhfeidhm chun fad tréimhse na stórála eatramhaí a íoslághdú, i gcomhréir le Treoir 2011/70/Euratom lena mbreithnítear ar stóráil dramhaíola radaighníomhaí, lena n-áirítear stóráil fhadtéarmach, mar réiteach eatramhach, ach nach mbreithnítear air mar rogha mhalartach thar an diúscairt.</p>
<p>(6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú</p>	<p>Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín D a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.</p> <p>Comhlánaítear Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol roimh thógáil an ghléasra cumhachta núicléiche, i gcomhréir le Treoir 2011/92/AE. Déantar na bearta maolaithe agus cúiteacha atá riachtanach a chur i bhfeidhm.</p> <p>Maidir le suíomhanna/oibríochtaí atá lonnaithe i limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de ar dócha go mbeadh tionchar mór acu ar limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de nó suíomhanna/oibríochtaí atá gar dóibh (lena n-áirítear líonra limistéir</p>

faoi chosaint Natura 2000, láithreáin Oidhreachta Domhanda UNESCO agus Príomhlimistéir Bhithéagsúlachta, chomh maith le limistéir eile faoi chosaint), rinneadh measúnú iomchuí, i gcás inarb infheidhme, agus bunaithe ar a chonclúidí cuirtear na bearta maolaithe riachtanacha i bhfeidhm.

Ní dhéanfaidh na suíomhanna/oibríochtaí díobháil do stádas caomhantais aon cheann de na gnáthoga nó na speicis atá sna limistéir faoi chosaint.

4.29. Giniúint leictreachais ó bhreoslaí gásacha iontaise

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Saoráidí giniúna leictreachais a fhoirgníú nó a oibriú ina ngintear leictreachas trí bhreoslaí gásacha iontaise a úsáid. Ní áirítear giniúint leictreachais ó úsáid eisiach breoslaí gásacha neamh-iontaise agus leachtacha dá dtagraítear i Roinn 4.7 den Iarscríbhinn seo agus breoslaí bithgháis agus bithleachta dá dtagraítear i Roinn 4.8 den Iarscríbhinn seo.

Féadfar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo a bheith bainteach le roinnt cóid NACE, go háirithe D35.11 agus F42.22 i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Is gníomhaíocht idirthréimhseach dá dtagraítear in Airteagal 10 (2) de Rialachán (AE) 2020/852 í gníomhaíocht eacnamaíoch sa chatagóir seo i gcás ina gcomhlíonann sí na critéir scagtha theicniúla a leagtar amach sa Roinn seo.

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide

1. Comhlíonann an ghníomhaíocht ceachtar de na critéir seo a leanas:

- (a) Tá astaíochtaí saolré GCT ó leictreachas a ghiniúint as breoslaí gásacha iontaise níos ísle ná 100 g CO₂e/kWh.

Déantar astaíochtaí saolré GCT a ríomh bunaithe ar shonraí a bhaineann go sonrach le tionscadal, i gcás ina bhfuil siad ar fáil, ach Moladh 2013/179/AE ón gCoimisiún a úsáid nó, ina áit sin, ISO 14067:2018 nó ISO 14064-1:2018.

Tríú páirtí neamhspleách a dhéanann an laghdú ar astaíochtaí saolré GCT cainníochtaithe a fhíorú.

I gcás ina gcuimsíonn saoráidí aon chineál laghdaithe, lena n-áirítear gabháil carbóin nó breoslaí in-athnuaite nó ísealcharbóin a úsáid, go gcomhlíonann an ghníomhaíocht laghdaithe sin na critéir a leagtar amach sa Roinn ábhartha den Iarscríbhinn seo, i gcás inarb infheidhme.

I gcás ina ndéantar CO₂ a ghabháil lena stóráil faoi thalamh, ar CO₂ é a d'astófaí ón bpróiseas giniúna leictreachais murach sin, iompraítear agus stóráiltear an CO₂ faoi thalamh, i gcomhréir leis na critéir scagtha theicniúla a leagtar amach i Roinn 5.11 agus i Roinn 5.12 den Iarscríbhinn seo.

- (b) comhlíonfaidh saoráidí a ndéanfar ceadúnas foirgníochta ina leith faoin 31 Nollaig 2030 gach ceann de na nithe seo a leanas:
-

-
- (i) tá astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha na gníomhaíochtaí níos ísle ná 270g CO₂e/kWh den aschur fuinnimh, nó ní mó astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha bliantúla na gníomhaíochta ná meánmhéid 550kgCO₂e/kWh d'acmhainneacht na saoráide ar feadh tréimhse 20 bliain;
 - (ii) ní féidir an chumhacht atá le hionadú a ghineadh ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, bunaithe ar mheastóireacht inchomparáide leis an rogha mhalartach is costéifeachtaí agus is indéanta go teicniúil le haghaidh na hacmhainneachta céanna a aithnítear; foilsítear toradh na meastóireachta inchomparáide sin agus tá sé faoi réir comhairliúchán le páirtithe leasmhara;
 - (iii) déanann an ghníomhaíocht gníomhaíochta ginte leictreachais ardastaíochta atá ann faoi láthair a úsáideann breoslaí soladacha nó breoslaí iontaise leachtacha a ionadú;
 - (iv) an acmhainneacht táirgeachta a suiteáladh le fíorghairid, ní bheidh sí níos mó ná 15 % os cionn acmhainneacht na saoráide a ionadaíodh;
 - (v) déantar an tsaoráid a cheapadh agus a fhoirgniú chun breoslaí gásacha in-athnuaite agus/nó ísealcharbóin a úsáid agus déanfar an t-aistriú chuig úsáid iomlán breoslaí gásacha in-athnuaite agus/nó ísealcharbóin faoin 31 Nollaig 2035, le gealltanais agus plean infhíoraithe arna gceadú ag comhlacht bainistíochta an ghnóthais;
 - (vi) laghdú astaíochtaí 55 % GCT ar a laghad a bheidh mar thoradh ar an ionadú thar shaolré na hacmhainneachta táirgeachta a suiteáladh le fíorghairid;
 - (vii) i gcás ina ndéantar an ghníomhaíocht i gcrích Ballstáit ina n-úsáidtear gual chun fuinneamh a ghineadh, gur thug an Ballstát sin gealltanais chun úsáid giniúna fuinnimh ó ghual a chéimniú amach agus gur thug sé tuairisc maidir leis sin ina phlean fuinnimh agus aeráide náisiúnta comhtháite dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{*8} nó in ionstraim eile.

Déanfaidh thríú páirtí comhlíontacht leis na critéir dá dtagraítear i bpointe 1(b) a fhíorú. Tá na hacmhainní agus an saineolas is gá ag an bhfíoraitheoir tríú páirtí neamhspleách chun an fíorú sin a dhéanamh. Níl aon choinbhleacht leasa ag an bhfíoraitheoir tríú páirtí neamhspleách leis an úinéir ná leis an maoinitheoir, agus níl baint aige le forbairt ná le hoibríocht na gníomhaíochta. Déanann an fíoraitheoir tríú páirtí neamhspleách fíorú na comhlíontachta leis na critéir scagtha theicniúla go dícheallach. Gach bliain, go sonrach, foilsíonn an tríú páirtí neamhspleách tuarascáil agus tarchuireann sé é chuig an gCoimisiún, ar tuarascáil é:

- (a) lena ndeimhnítear leibhéal na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha dá dtagraítear i bpointe 1(b)(i);
- (b) i gcás inarb infheidhme, lena ndéantar measúnú ar cibé acu atá nó nach bhfuil astaíochtaí GCT díreacha na gníomhaíochta ar chonair inchreidte chun an meánluach tairsí thar 20 bliain dá dtagraítear i bpointe 1(b)(i) a chomhlíonadh;
- (c) lena ndéantar measúnú ar cibé acu atá nó nach bhfuil an ghníomhaíocht ar chonair inchreidte chun pointe 1(b)(v) a chomhlíonadh.

Le linn don fhíoraitheoir tríú páirtí neamhspleách an mheastóireacht dá dtagraítear i bpointe 1(b) a dhéanamh, cuireann sé san áireamh go háirithe na hastaíochtaí GCT díreacha bliantúla beartaithe le haghaidh gach bliana de chuid na conaire, astaíochtaí GCT díreacha bliantúla réadaithe, uaireanta seirbhíse beartaithe agus réadaithe, agus úsáid bheartaithe agus réadaithe

gáis in-athnuaite nó ísealcharbóin.

Ar bhonn na dtuarascálacha arna dtarchur chuig an gCoimisiún, féadfaidh sé barúil a chur chuig na hoibritheoirí ábhartha. Cuirfidh an Coimisiún na tuarascálacha sin san áireamh le linn dó an t-athbhreithniú dá dtagraítear in Airteagal 19(5) de Rialachán (AE) 2020/852 a dhéanamh.

2. Comhlíonann an ghníomhaíocht ceachtar de na critéir seo a leanas:
 - (a) suiteáiltear trealamh tomhais chun faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí fisiceacha, amhail iad siúd a thagann as sceitheadh meatáin, tráth na foirgníochta, nó tugtar isteach clár chun sceitheadh a bhrath agus a dheisiú;
 - (b) tuairiscítear tomhas fisiceach astaíochtaí agus cuirtear deireadh le sceitheadh i rith an oibrithe.
3. I gcás ina gcumascann an ghníomhaíocht breoslaí gásacha iontaise le bithghás gásacha nó le bithleachtaí, comhlíonann an bithmhais talmhaíochta arna húsáid le haghaidh bithleachtaí a tháirgeadh na critéir a leagtar amach in Airteagal 29, míreanna 2 go mír 5, de Threoir (AE) 2018/2001 agus comhlíonann bithmhais foraoise na critéir a leagtar amach in Airteagal 29, míreanna 6 agus 7, den Treoir sin.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.
(3) Úsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín B a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.
(4) Aistriú chuig geilleagar ciorclach	N/B
(5) Cosc agus rialú ar thruailliú	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín C a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo. Tá astaíochtaí laistigh de nó níos ísle ná na leibhéil astaíochta bainteach leis na raonta maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AEL) a leagtar amach sna conclúidí ábhartha is déanaí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT), lena n-áirítear na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh mórghléasraí dócháin. Ní tharlaíonn aon éifeacht trasmheáin shuntasach. Maidir le gléasraí dócháin a bhfuil ionchur teirmeach níos mó ná 1 MW

	acu ach atá faoi bhun na dtairseacha le haghaidh na gconclúidí BAT nach mór do mhórghléasraí dócháin a chur i bhfeidhm, tá astaíochtaí faoi bhun na dteorainneacha astaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn II, cuid 2, a ghabhann le Treoir (AE) 2015/2193.
(6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín D a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.

4.30. Comhghiniúint teasa/fuaraithe agus cumhachta ardfheidhmíochta ó bhreoslaí gásacha iontaise

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Saoráidí giniúna cumhachta agus téimh/fuaraithe a fhoirgniú, a athchothromú, agus a oibriú lena n-úsáidtear breoslaí gásacha iontaise. Ní áirítear comhghiniúint téimh/fuaraithe agus cumhachta ardfheidhmíochta ó úsáid eisiach breoslaí gásacha neamh-iontaise agus leachtacha dá dtagraítear i Roinn 4.19 den Iarscríbhinn seo, agus breoslaí bithgháis agus bithleachta dá dtagraítear i Roinn 4.20 den Iarscríbhinn seo.

D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa chatagóir seo a bheith bainteach le cód NACE D35.11 agus D35.30 i gcomhréir le haicmiú staitistiúil gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Is gníomhaíocht idirthréimhseach dá dtagraítear in Airteagal 10 (2) de Rialachán (AE) 2020/852 í gníomhaíocht eacnamaíoch sa chatagóir seo i gcás ina gcomhlíonann sí na critéir scagtha theicniúla a leagtar amach sa Roinn seo.

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide

1. Comhlíonann an ghníomhaíocht ceachtar de na critéir seo a leanas:

- (a) Tá astaíochtaí saolré GCT ó théamh/fuarú agus cumhacht a chomhghiniúint as breoslaí gásacha níos ísle ná 100 g CO₂e in aghaidh 1 kWh d'aschur fuinnimh ón gcomhghiniúint.

Déantar astaíochtaí saolré GCT a ríomh bunaithe ar shonraí a bhaineann go sonrach le tionscadal, i gcás ina bhfuil siad ar fáil, ach Moladh 2013/179/AE ón gCoimisiún a úsáid nó, ina áit sin, ISO 14067:2018 nó ISO 14064-1:2018.

Tríú páirtí neamhspleách a dhéanann an laghdú ar astaíochtaí saolré GCT cainníochtaithe a fhíorú.

I gcás ina gcuimsíonn saoráidí aon chineál laghdaithe, lena n-áirítear gabháil carbóin nó breoslaí dícharbónaithe a úsáid, go gcomhlíonann an ghníomhaíocht laghdaithe sin na Ranna ábhartha den Iarscríbhinn seo, i gcás inarb infheidhme. I gcás ina ngabhtar an CO₂ a astaítear ón nginiúint leictreachais, go mbainfidh an CO₂ amach an teorainn astaíochta a leagtar amach i bpointe 1 den Roinn seo agus, go bhféadfar an CO₂ a iompar agus a stóráil faoi thalamh ar bhealach lena mbaintear amach na critéir scagtha theicniúla maidir le CO₂ a iompar agus a

stóráil a leagtar amach i Ranna 5.11 agus 5.12 faoi seach den Iarscríbhinn seo.

- (b) comhlíonfaidh saoráidí a ndéanfar ceadúnas foirgníochta ina leith faoin 31 Nollaig 2030 gach ceann de na nithe seo a leanas:
- (i) baineann an ghníomhaíocht coigiltis fuinnimh phríomhúla de 10 % ar a laghad amach i gcomparáid leis na tagairtí do tháirgeadh scartha teasa agus leictreachais; déantar na coigiltis fuinnimh phríomhúla a ríomh ar bhonn na foirmle arna chur ar fáil i dTreoir 2012/27/AE;
 - (ii) Tá astaíochtaí GCT díreacha na gníomhaíochta níos ísle ná 270 gCO₂e/kWh den aschur fuinnimh;
 - (iii) ní féidir an chumhacht agus/nó an teas/fuarú atá le hionadú a ghineadh ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, bunaithe ar mheastóireacht inchomparáide leis an rogha mhalartach is costéifeachtaí agus is indéanta go teicniúil le haghaidh na hacmhainneachta céanna a aithnítear; foilsítear toradh na meastóireachta inchomparáide sin agus tá sé faoi réir comhairliúchán le páirtithe leasmhara;
 - (iv) déanann an ghníomhaíocht gníomhaíocht ardastaíochta giniúna cumhachta agus téimh/fuaraithe in éineacht, gníomhaíocht giniúna téimh/fuaraithe scartha, nó gníomhaíocht giniúna cumhachta scartha, atá ann faoi láthair lena n-úsáidtear breoslaí soladacha nó leachtacha iontaise, a ionadú;
 - (v) an acmhainneacht táirgeachta a suiteáladh fíorghairid, ní bheidh sí os cionn acmhainneacht na saoráide a ionadaíodh;
 - (vi) déantar an tsaoráid a dhearadh agus a fhoirgníú chun breoslaí gásacha in-athnuaite agus/nó ísealcharbóin a úsáid agus déanfar an t-aistriú chuig úsáid iomlán breoslaí gásacha in-athnuaite agus/nó ísealcharbóin faoin 31 Nollaig 2035, le gealltanais agus plean infhíoraithe arna gceadú ag comhlacht bainistíochta an ghnóthais;
 - (vii) laghdú astaíochtaí 55 % GCT ar a laghad a bheidh mar thoradh ar an ionadú in aghaidh kWh aschur fuinnimh;
 - (viii) ní mhéadaíonn athchóiriú na saoráide acmhainneacht táirgeachta na saoráide;
 - (ix) i gcás ina ndéantar an ghníomhaíocht i gcrích Ballstáit ina n-úsáidtear gual chun fuinneamh a ghineadh, gur thug an Ballstát sin gealltanais chun úsáid giniúna fuinnimh ó ghual a chéimniú amach agus gur thug sé tuairisc maidir leis sin ina phlean fuinnimh agus aeráide náisiúnta comhtháite dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1999 nó in ionstraim eile.

Déanfaidh tríú páirtí comhlíontacht leis na critéir dá dtagraítear i bpointe 1(b) a fhíorú. Tá na acmhainní agus an saineolas riachtanach ag an bhfíoraitheoir tríú páirtí neamhspleách chun an fíorú sin a dhéanamh. Níl aon choinbhleacht leasa ag an bhfíoraitheoir tríú páirtí neamhspleách leis an úinéir ná leis an maoinitheoir, agus níl baint aige le forbairt ná le hoibríocht na gníomhaíochta. Déanann an fíoraitheoir, ar tríú páirtí neamhspleách é, fíorú na comhlíontachta leis na critéir scagtha theicniúla go dícheallach. Gach bliain, go sonrach, foilsíonn an tríú páirtí neamhspleách tuarascáil agus tarchuireann sé é chuig an gCoimisiún, ar tuarascáil é:

- (a) lena ndeimhnítear leibhéal na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha dá
-

- dtagraítear i bpointe 1(b)(ii);
- (b) lena ndéantar measúnú ar cibé acu atá nó nach bhfuil an ghníomhaíocht ar chonair inchreidte chun pointe 1(b)(vi) a chomhlíonadh.

Ar bhonn na dtuarascálacha arna dtarchur chuig an gCoimisiún, féadfaidh sé tuairim a chur chuig na hoibritheoirí lena mbaineann. Cuirfidh an Coimisiún na tuarascálacha sin san áireamh le linn dó an t-athbhreithniú dá dtagraítear in Airteagal 19(5) de Rialachán (AE) 2020/852 a dhéanamh.

2. Comhlíonann an ghníomhaíocht ceachtar de na critéir seo a leanas:
- (a) suiteáiltear trealamh tomhais chun faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí fisiceacha, lena n-áirítear sceitheadh meatáin, tráth na foirgníochta, nó tugtar isteach clár chun sceitheadh a bhrath agus a dheisiú;
- (b) tuairiscítear tomhas fisiceach astaíochtaí agus cuirtear deireadh le sceitheadh ar bith i rith an oibrithe.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.
(3) Úsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín B a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.
(4) Aistriú chuig geilleagar ciorclach	N/B
(5) Cosc agus rialú ar thruailliú	<p>Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín C a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.</p> <p>Tá astaíochtaí laistigh de nó níos ísle ná na leibhéil astaíochta bainteach leis na raonta maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AEL) a leagtar amach sna conclúidí ábhartha is déanaí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT), lena n-áirítear na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh mórghléasraí dócháin.</p> <p>Ní tharlaíonn aon éifeacht trasmheáin shuntasach.</p> <p>Maidir le gléasraí dócháin a bhfuil ionchur teirmeach níos mó ná 1 MW acu ach atá faoi bhun na dtairseacha le haghaidh na gconclúidí BAT nach mór do mhórghléasraí dócháin a chur i bhfeidhm, tá astaíochtaí</p>

	faoi bhun na dteorainneacha astaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn II, cuid 2, a ghabhann le Treoir (AE) 2015/2193.
(6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín D a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.

4.31. Téamh/fuarú a tháirgeadh as breoslaí gásacha iontaise i gcóras téamh agus fuarú ceantair éifeachtach

Tuairisc ar an ngníomhaíocht

Saoráidí giniúna teasa a tháirgeann téamh/fuarú trí bhreoslaí gásacha iontaise atá bainteach le téamh agus fuarú ceantair éifeachtach de réir bhrí Airteagal 2, pointe (41) de Threoir 2012/27/AE a fhoirgníú, a athriochtú agus a oibriú. Ní áirítear táirgeadh téimh/fuaraithe i dtéamh ceantair éifeachtach ó úsáid eisiach breoslaí in-athnuaite neamh-iontaise agus breoslaí leachtacha dá dtagraítear i Roinn 4.23 den Iarscríbhinn seo, agus breoslaí bithgháis agus bithleachta dá dtagraítear i Roinn 4.24 den Iarscríbhinn seo.

Aicmítear an ghníomhaíocht aicmithe chód NACE D35.30 i gcomhréir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006.

Is gníomhaíocht idirthréimhseach dá dtagraítear in Airteagal 10(2) de Rialachán (AE) 2020/852 í gníomhaíocht eacnamaíoch sa chatagóir seo i gcás ina gcomhlíonann sí na critéir scagtha theicniúla a leagtar amach sa Roinn seo.

Critéir scagtha theicniúla

Rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide

1. Comhlíonann an ghníomhaíocht ceachtar de na critéir seo a leanas:

- (a) Tá astaíochtaí saolré GCT ó ghiniúint téimh/fuaraithe as breoslaí gásacha níos ísle ná 100 g CO₂e/kWh. Déantar astaíochtaí saolré GCT a ríomh ach Moladh 2013/179/AE ón gCoimisiún a úsáid nó, ina áit sin, ISO 14067:2018 nó ISO 14064-1:2018.

Tríú páirtí neamhspleách a dhéanann an laghdú ar astaíochtaí saolré GCT cainníochtaithe a fhíorú.

I gcás ina gcuimsíonn saoráidí aon chineál laghdaithe, lena n-áirítear gabháil carbóin nó breoslaí dícharbónaithe a úsáid, go gcomhlíonann an ghníomhaíocht laghdaithe sin na Ranna ábhartha den Iarscríbhinn seo, i gcás inarb infheidhme. I gcás ina ngabhtar an CO₂ a astaítear ón nginiúint leictreachais, go mbainfidh an CO₂ amach an teorainn astaíochta a leagtar amach i bpointe 1 den Roinn seo agus go bhféadfar an CO₂ a iompar agus a stóráil faoi thalamh ar bhealach lena mbaintear amach na critéir scagtha theicniúla maidir le CO₂ a iompar agus a stóráil a leagtar amach i Ranna 5.11 agus 5.12 faoi seach den Iarscríbhinn seo.

- (b) comhlíonfaidh saoráidí a ndeonófar ceadúnas foirgníochta ina leith faoin 31 Nollaig 2030 gach ceann de na nithe seo a leanas:

-
- (i) úsáidtear an fuinneamh teirmeach a ghintear leis an ngníomhaíocht i gcóras téimh agus fuaraithe ceantair éifeachtach mar a shainítear i dTreoir 2012/27/AE;
 - (ii) tá astaíochtaí GCT díreacha na gníomhaíochta níos ísle ná 270 g CO₂e/kWh den aschur fuinnimh;
 - (iii) ní féidir an téamh/fuarú atá le hionadú a ghineadh ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, bunaithe ar mheastóireacht inchomparáide leis an rogha mhalartach is costéifeachtaí agus is indéanta go teicniúil le haghaidh na hacmhainneachta céanna a aithnítear; foilsítear toradh na meastóireachta inchomparáide sin agus tá sé faoi réir comhairliúcháin le páirtithe leasmhara;
 - (iv) déanann an ghníomhaíocht gníomhaíocht téimh/fuaraithe ardastaíochta atá ann faoi láthair a úsáideann breoslaí soladacha nó breoslaí iontaise leachtacha a ionadú;
 - (v) an acmhainneacht táirgeachta a suiteáladh fíorghairid, ní bheidh sí os cionn acmhainneacht na saoráide a ionadaíodh;
 - (vi) déantar an tsaoráid a dhearadh agus a fhoirgníú chun breoslaí gásacha in-athnuaite agus/nó ísealcharbóin a úsáid agus déanfar an t-aistriú chuig úsáid iomlán breoslaí gásacha in-athnuaite agus/nó ísealcharbóin faoin 31 Nollaig 2035, le gealltanais agus plean infhíoraíthe arna gceadú ag comhlacht bainistíochta an ghnóthais;
 - (vii) is é a bheidh mar thoradh ar an ionadú laghdú astaíochtaí ar a laghad 55 % GCT de réir kWh aschur fuinnimh;
 - (viii) ní mhéadaíonn athríochtú na saoráide acmhainneacht táirgeachta na saoráide;
 - (ix) i gcás ina ndéantar an ghníomhaíocht i gcrích Ballstáit ina n-úsáidtear gual chun fuinneamh a ghineadh, gur thug an Ballstát sin gealltanais chun úsáid giniúna fuinnimh ó ghual a chéimniú amach agus gur thug sé tuairisc maidir leis sin ina phlean fuinnimh agus aeráide náisiúnta comhtháite dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1999 nó in ionstraim eile.

Déanfaidh tríú páirtí comhlíontacht leis na critéir dá dtagraítear i bpointe 1(b) a fhíorú. Tá na acmhainní agus an saineolas riachtanach ag an bhfíoraítheoir tríú páirtí neamhspleách chun an fíorú sin a dhéanamh. Ní bheidh aon choinbhleacht leasa ag an bhfíoraítheoir neamhspleách tríú páirtí leis an úinéir ná leis an maoinitheoir, agus ní bheidh baint aige le forbairt ná le hoibríocht na gníomhaíochta. Déanann an fíoraítheoir tríú páirtí neamhspleách fíorú na comhlíontachta leis na critéir scagtha theicniúla go dícheallach. Gach bliain, go sonrach, foilsíonn an tríú páirtí neamhspleách tuarascáil agus tarchuireann sé é chuig an gCoimisiún, ar tuarascáil é:

- (a) lena ndeimhnítear leibhéal na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha dá dtagraítear i bpointe 1(b)(ii);
- (b) lena ndéantar measúnú ar cibé acu atá nó nach bhfuil an ghníomhaíocht ar chonair inchreidte chun pointe 1(b)(vi) a chomhlíonadh.

Ar bhonn na dtuarascálacha arna dtarchur chuig an gCoimisiún, féadfaidh sé barúil a chur chuig na hoibrítheoirí lena mbaineann. Cuirfidh an Coimisiún na tuarascálacha sin san áireamh le linn dó an t-athbhreithniú dá dtagraítear in Airteagal 19(5) de Rialachán (AE)

2020/852 a dhéanamh.

2. Comhlíonann an ghníomhaíocht ceachtar de na critéir seo a leanas:
- (a) suiteáiltear trealamh tomhais chun faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí fisiceacha, amhail sceitheadh meatáin, tráth na foirgníochta, nó tugtar isteach clár chun sceitheadh a bhrath agus a dheisiú;
 - (b) tuairiscítear tomhas fisiceach astaíochtaí agus cuirtear deireadh le sceitheadh ar bith i rith an oibrithe.

Gan dochar suntasach a dhéanamh ('DNSH')

(2) Oiriúnú don athrú aeráide	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.
(3) Úsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint	Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín B a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.
(4) Aistriú chuig geilleagar ciorclach	N/B

<p>(5) Cosc agus rialú ar thruailliú</p>	<p>Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín C a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.</p> <p>Tá astaíochtaí laistigh de nó níos ísle ná na leibhéil astaíochta bainteach leis na raonta maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AEL) a leagtar amach sna conclúidí ábhartha is déanaí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT), lena n-áirítear na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) le haghaidh mórghléasraí dócháin.</p> <p>Ní tharlaíonn aon éifeacht tras-mheáin shuntasach.</p> <p>Maidir le gléasraí dócháin a bhfuil ionchur teirmeach níos mó ná 1 MW acu ach atá faoi bhun na dtairseacha le haghaidh na gconclúidí BAT nach mór do mhórghléasraí dócháin a chur i bhfeidhm, tá astaíochtaí faoi bhun na dtairseacha astaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn II, cuid 2, a ghabhann le Treoir (AE) 2015/2193.</p>
<p>(6) Bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú</p>	<p>Comhlíonann an ghníomhaíocht na critéir a leagtar amach in Aguisín D a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.</p>

- *1 Treoir 2009/71/Euratom ón gComhairle an 25 Meitheamh 2009 lena mbunaítear creat Comhphobail maidir lesábháilteacht núicléach na suiteálacha núicléacha (IO L 172, 2.7.2009, lch. 18).
- *2 Treoir 2011/70/Euratom ón gComhairle an 19 Iúil 2011 lena mbunaítear creat Comhphobail maidir le bainistiú freagrach agus sábháilte ar bhreosla spíonta agus ar dhramhaíl radaighníomhach (IO L 199, 2.8.2011, lch. 48).
- *3 Treoir 2013/59/Euratom ón gComhairle an 5 Nollaig 2013 lena leagtar síos caighdeáin bhunúsacha sábháilteachta don chosaint i gcoinne na contúirte a eascraíonn as nochtadh don radaíocht ianúcháin, agus lena n-aisghairtear Treoracha 89/618/Euratom, 90/641/Euratom, 96/29/Euratom, 97/43/Euratom agus 2003/122/Euratom (IO L 13, 17.1.2014, lch. 1).
- *4 Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol (IO L 26, 28.1.2012, lch. 1).
- *5 Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).
- *6 Moladh 2006/851/Euratom ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 2006 maidir le bainistiú na n-acmhainní airgeadais chun suiteálacha núicléacha, breosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach a dhíchoimisiúnú (IO L 330, 28.11.2006, lch. 31).
- *7 Treoir 2013/51/Euratom ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos ceanglais maidir le sláinte an phobail i gcoitinne a chosaint i ndáil le substaintí radaighníomhacha in uisce atá ceaptha do thomhaltas an duine (IO L 296, 7.11.2013, lch. 12).
- *8 Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2009/119/CE agus (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).